

SCÉIM NA ROINNE SLÁINTE

FAOI ALT 15
D'ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

2015-2018



Clár Ábhar

Caibidil 1	Réamhrá	1
1.1	Cúlra	
1.2	Ullmhú na Scéime Teanga agus Comhairliúchán	
1.3	Ábhar na Scéime	
1.4	Dáta Tosaithe na Scéime	
Caibidil 2	Forbhreathnú ar an Roinn Sláinte	2
2.1	Ról agus Príomhfheidhmeanna	
2.2	Struchtúr Chóras Sláinte na hÉireann	
2.3	Ráiteas Straitéise 2011-2014	
Caibidil 3	Feabhas ar sheirbhísí dátheangacha	5
3.1	Óráidí agus Preaseisiúintí	
3.2	Comhfhreagras	
3.3	Ríomhphost	
3.4	Páipéarachas	
3.5	Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais agus Doiciméid eile	
3.6	Suíomh Gréasáin	
3.7	An Deasc Fáiltithe/An Lasc-Chlár/An tAonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí	
3.8	Fógraí ó bhéal/Cumarsáid Teileafóin	
3.9	Oiliúint agus Forbairt	
Caibidil 4	Monatóireacht agus Athbhreithniú	8
Caibidil 5	Inniúlacht sa Ghaeilge	9
Caibidil 6	Poibliú na Scéime Comhaontaithe	10

Caibidil 1 - Réamhrá

1.1 Cúlra

Tugtar le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrófáir na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon;

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil i nGaeilge amach anseo laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama.

1.2 Ullmhú na Scéime Teanga agus Comhairliúchán

Ullmhaíodh an scéim seo de réir na *dTreoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*.

Rinne an Roinn fógra faoi Alt 15 den Acht a fhoilsiú an 24 Deireadh Fómhair 2012, rud lenar lorgaíodh uiríll ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na dréachtscéime. Fuarthas trí aighneacht ó raon eagraíochtaí Gaeilge. Tá na haighneachtaí sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne (www.health.gov.ie) agus cuireadh san áireamh iad agus an scéim á réiteach. Ba mhaith leis an Roinn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo siúd a ghlac páirt sa phróiseas as an rannchuidiú a rinne siad.

Scaipeadh an fógra ar an bhfoireann sa Roinn freisin.

1.3 Ábhar na Scéime

Leagtar amach sa scéim a mhéid atá seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair agus sainaithnítear inti aon réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu amach anseo ina leith sin.

1.4 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá feidhm aici le héifeacht ó 02 Feabhra 2015 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2 - Forbhreathnú ar an Roinn Sláinte

Is é cuspóir foriomlán na seirbhíse sláinte feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann trí dhaoine a choinneáil sláintiúil; tríd an gcúram sláinte atá ag teastáil ó dhaoine a chur ar fáil; trí sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar agus tríd an luach is fearr a bhaint as acmhainní an chórais sláinte.

2.1 Ár Ról agus Ár bPríomhfheidhmeanna

Is é ról na Roinne Sláinte ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil don tseirbhís sláinte agus a áirithiú go n-aistrefar beartais an Rialtais don earnáil ina ngníomhartha agus go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach iad.

Tacaímid leis an Aire agus leis an Aire Stáit agus beartas Rialtais á chur chun feidhme acu agus le linn dóibh na dualgais Rialtais, Pharlaiminte agus Roinne atá orthu a chomhlíonadh.

Is é atá i gceist leis an ról sin dul i dteagmháil le húsáideoirí seirbhísí agus le páirtithe leasmhara eile, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an tseirbhís sláinte, agus athruithe agus feabhsuithe a stiúradh sa tseirbhís sláinte. Agus an ról sin á chomhlíonadh againn thar na trí bliana atá le teacht, tabharfaimid aird ar na príomhspríocanna straitéiseacha atá leagtha amach ar leathanach 3 agus ar leathanach 4. Is iad seo a leanas na bealaí éagsúla a chomhlíonfaimid an ról atá againn:

- Ceannaireacht agus Cumarsáid
- Rialachas agus Cuntasacht Pholaitiúil
- Measúnú Feidhmíochta agus Bainistíocht Faisnéise
- Athbhreithniú Beartais agus Forbairt
- Reachtaíocht
- Modhanna Trasearnála agus Idirnáisiúnta

2.2 Struchtúr Chórais Sláinte na hÉireann


Soláthraítear seirbhísí sláinte laistigh de chóras casta a chuimsíonn úsáideoirí; cineálacha éagsúla soláthraithe (soláthraithe poiblí, deonacha agus príobháideacha) ar fud speictream leathan láithreacha agus saoráidí aonair; gairmithe féinfhostaithe (lena n-áirítear dochtúirí ginearálta agus cógaiseoirí pobail aonair); fostaithe agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha; comhlachtaí rialála, ionadaíocha agus tathanta; Airí Oireachtais agus Rialtais; an Roinn, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cálíocht Sláinte (ÚFCS) agus gníomhaireachtaí eile sláinte, mar aon le Ranna eile Rialtais agus gníomhaireachtaí eile Stáit; agus roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla.

Tugtar gealltanais i gClár an Rialtais go ndéanfar athchóiriú radacach ar an tseirbhís sláinte ar fad.

2.3 Ráiteas Straitéise 2011-2014

I Ráiteas Straitéise na Roinne 2011-2014, leagtar amach ár spriocanna agus ár ngníomhartha straitéiseacha de réir réimse straitéiseach cláir. Tá sé sprioc straitéiseacha leagtha síos ag an Roinn do thréimhse na Straitéise reatha. Tá ceithre ghné mar bhonn agus thaca ag gach ceann de na cláir straitéiseacha agus tugann siad eolas dóibh go léir. Léirítear é sin san fhíor thíos:

Réimsí Straitéiseacha Cláir agus Cuspóirí na hEarnála Sláinte



1. Rochtain Chothrom agus Inbhuanaitheacht

A bheith ag obair i dtreo seirbhís sláinte uilechoiteann aon chisil a bhaint amach ar deireadh, agus tacaíocht á fáil ó Árachas Sláinte Uilechoiteann (UHI), áit a bhfuil rochtain bunaithe ar riachtanas, in ionad a bheith bunaithe ar ioncam.

2. Sábháilteacht Othar agus Cáilíocht

Ceannaireacht agus maoirseacht a chur ar fáil i leith sábháilteacht agus cáilíocht othar don chóras sláinte ar fad, i gcomhréir leis an bhfís agus leis na moltaí atá leagtha amach ag an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta.

3. Sláinte agus Folláine

Cabhrú le daoine saolta níos sláintiúla agus níos fearr a mhaireachtáil agus dálaí sóisialta a chruthú a thacaíonn le dea-shláinte, lena n-áirítear dea-mheabhairshláinte, ar théarmaí cothroma, don phobal ar fad.

4. Cúram Príomhúil

Seirbhísí cúraim phríomhúil atá i bhfad níos láidre a chur ar fáil agus rochtain leathnaithe ar chúram liachleachtóirí ginearálta a sheachadadh saor in aisce ag an bpointe úsáide, agus béim níos mó a chur ar chúram struchtúrtha agus ar bhainistíocht galar ainsealach.

5. Ospidéal Ghéarmhíochaine

Ár gcóras ospidéal géarmhíochaine a athchóiriú chun rochtain níos tapa ar sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'othair agus ullmhú a dhéanamh do thabhairt isteach córais aonsraithe chúraim ospidéal atá tacaíthe ag Árachas Sláinte Uilechoiteann.

6. Seirbhísí Cúraim Speisialaithe

Raon leathan tacaíochtaí agus seirbhísí a chur ar fáil d'fhonn a áirithiú gur féidir le daoine a bhfuil gá acu le seirbhísí fadtéarmacha agus le cúram fadtéarmach a lánchumas a bhaint amach agus ardchaighdeán maireachtála a bheith acu san ionad oibre agus laistigh dá dtithe agus dá bpobail féin. Cuimsíonn agus léiríonn an sprioc sin cuspóirí beartais an Rialtais i gcomhar grúpaí cúraim ar leith de réir mar atá leagtha amach thíos:

Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Cabhrú le daoine faoi mhíchumas a lánchumas a bhaint amach, lena n-áirítear maireachtáil go neamhspleách nuair is féidir.

Seirbhísí Sóisialta Meabhairshláinte

Tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu trína chinntiú go laghdaítear an stiogma a bhaineann le meabhairshláinte, agus idirghabháil luath agus chúí agus rochtain níos fearr á háirithiú ar sheirbhísí nua-aimseartha meabhairshláinte sa phobal.

Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Caighdeán saoil daoine scothaosta a fheabhsú, a lánchumas a choinneáil, tacaíocht a thabhairt dóibh ina dtithe agus ina bpobail, rochtain a chur ar fáil dóibh ar chúram faoisimh agus ar chúram lae agus, nuair is gá, rochtain a chur ar fáil dóibh ar chúram fadtéarmach cónaithe atá cuí agus ar chaighdeán maith.

Caibidil 3 - Feabhas ar na Seirbhísí a chuirfear ar fáil go dátheangach

Tá rún daingean ag an Roinn a chinntiú gur féidir freastal a mhéad is féidir ar chustaiméirí ar mian leo gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a ghlacfaidh an Roinn thar shaolré an dara scéim seo d'fhonn cur leis an dul chun cinn a rinneadh ar sheirbhísí dátheangacha a fhorbairt thar thréimhse na chéad Scéime teanga.

3.1 Óráidí agus Preaseisiúintí

Leanfar ar aghaidh le hóráidí nó le ráitis, lena n-áireofar iad siúd a thabharfaidh Airí i dTithe an Oireachtais, nó óráidí ag feidhmeannaigh shinsearacha, a chur ar fáil sa teanga inar soláthraíodh iad.

Foilseoidh an Roinn gach preaseisiúint i nGaeilge agus i mBéarla ar a suíomh Gréasáin. Déanfaimid dianiarracht iad a fhoilsiú ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla, a mhéad is féidir.

3.2 Comhfhreagras

De réir alt 9(2) den Acht, leanfaidh an Roinn ar aghaidh lena chinntiú go dtabharfar freagra ar gach comhfhreagras sa teanga ina bhfuil sé scríofa.

3.3 Ríomhphost

- Ceapadh fógra dátheangach séanta cheana féin agus cuirtear é le ríomhphoist amach faoi láthair.
- Is nasctha le chéile atá seoladh Gaeilge agus seoladh Béarla na deisce um sheirbhísí do chustaiméirí sa Roinn:
 - eolas@health.gov.ie agus customerservices@health.gov.ie
- Geallann an Roinn teachtaireachtaí ríomhphoist “as oifig” a fhorbairt i nGaeilge. Cuirtear iad ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair.

3.4 Páipéarachas

Tá *‘Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge’* ar áireamh i bpáipéarachas oifigiúil na Príomhroinne, an Ard-Rúnaí, an Phríomh-Oifigigh Mhíochaine, an Aire agus an Aire Stáit. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh leis an ráiteas sin a chur ar áireamh ar aon pháipéarachas nua.

3.5 Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais agus Doiciméid eile

Ní dhéileálann an Roinn le haon iarratais ar sheirbhísí ón bpobal. Is iad Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus comhlachtaí cuí eile a phléann le hiarratais ar sheirbhísí. Dá bhrí sin, is annamh a bhíonn Leabhráin Faisnéise agus Foirmeacha Iarratais ina ngné d’obair na Roinne.

Leanfar ar aghaidh le haon bhileoga faisnéise nua a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Ar aon dul le forálacha ábhartha Acht na dTeangacha Oifigiúla, foilseofar Ráiteas Straitéise agus Tuarascálacha Bliantúla na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla.

3.6 Suíomh Gréasáin

Mar chuid den athfhorbairt atá á déanamh ar shuíomh Gréasáin na Roinne, coimeádfar an ráiteas *'Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge'* ar bun ar an suíomh Gréasáin agus leanfaimid ar aghaidh an ábhar statach ar fad a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

3.7 An Deasc Fáiltithe/An Lasc-Chláir/An tAonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí

Is iad fáilteoirí/oibreoirí lasc-chláir agus baill foirne an Aonaid um Sheirbhísí do Chustaiméirí chéad phointí teagmhála na Roinne leis an bpobal mór. Is é beartas na Roinne Sláinte a chinntiú go mbeidh cleachtas caighdeánach na Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS) i bhfeidhm sa réimse seo ionas go dtarlóidh an méid seo a leanas tráth thosach feidhme an dara Scéim seo:

- Tabharfaidh baill foirne na Deisce Fáiltithe/an lasc-chláir agus an Aonaid um Sheirbhísí do Chustaiméirí ainm Gaeilge agus ainm Béarla an chomhlachta phoiblí seo.
- Beidh na beannachtaí bunúsacha Gaeilge ar a laghad ar eolas acu.
- Beidh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann, nuair is féidir é, daoine den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá á iarraidh i nGaeilge.

Geallann an Roinn go bhforbródh sí doiciméad ina gcuimseofar frásaí coitianta agus go gcuirfidh sí an doiciméad sin ar fáil don fhoireann ar fad, go háirithe lena úsáid ag na baill foirne thuasluaite sa chéad bhliain den scéim.

3.8 Fógraí ó bhéal/Cumarsáid Teileafóin

Comhlíonfaidh fógraí réamhthairfeadta teileafóin forálacha na rialachán arna ndéanamh ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

3.9 Oiliúint agus Forbairt

Mar chuid dá hOiliúint Ionduchtúcháin, cuirfidh an Roinn feasacht teanga ar áireamh ina Paca Tionscnaimh d'fhostaithe nua chun a chinntiú go dtuigfidh gach ball foirne na dualgais atá orthu i leith seirbhísí dátheangacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Eiseofar fógraí oifige gach 6 mhí chun na dualgais dhlíthiúla atá ar gach ball foirne faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a mheabhrú dóibh.

Leanfaidh an Roinn leis an rún leanúnach atá aici oiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil do gach ball foirne, lena n-áireofar oiliúint teanga nuair is cuí, ar mhaithe le lánchumas na mball foirne sin a fhorbairt le linn a ngairmeacha sa Roinn seo.

Baill foirne a bhfuil cumas acu agus atá sásta déileáil le custaiméirí nó le cliaint trí mheán na Gaeilge, sainaitníodh iad ar an Eolaire Foirne inmheánach. Cuirfear liosta d'ainmneacha na mball foirne sin le rannán tiomnaithe de chóras inlín na Roinne – HealthNet – ar mhaithe le rochtain a éascú arís eile.

Caibidil 4 - Monatóireacht agus Athbhreithniú

Cuirfear athbhreithnithe bliantúla i gcrích, agus aird ar leith á tabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ar gach ceann de na gealltanais a tugadh i gCaibidil 3 den scéim seo. Cuirfear tús leis na hathbhreithnithe sin ag deireadh na bliana 2015.

Caibidil 5 - Inniúlacht sa Ghaeilge

Ag féachaint do bheartas an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí sa Ghaeilge, sainaithneoidh an Roinn, faoi dheireadh chéad bhliain na scéime, aon phoist dá bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas. Déanfar gach iarracht na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime, ag féachaint, de réir mar is cuí, do pholasaithe earcaíochta, ardú céime agus oiliúna. Cuirfidh an méid sin ar chumas na Roinne feabhsúchán incriminteach na seirbhísí sa Ghaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos straitéisí.

Caibidil 6 - Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Is ar bhonn inmheánach agus ar bhonn seachtrach araon a phoibleofar ábhar na scéime seo, na gealltanais a thugtar inti agus na forálacha a dhéantar inti.

Inmheánach

Foilseofar cóip den scéim ar chóras inlín na Roinne - HealthNet.

Seachtrach

Cuirfear leagan dátheangach ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Soláthrófar cóip den scéim do na heagraíochtaí cuí a chuir aighneacht i leith na scéime faoi bhráid na Roinne.

Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla freisin.

Is ionann an leagan Béarla agus buntéacs na scéime seo.